Glór Cheatharlach

Ceatharlach ar Ghearrliosta Ghradaim 2013

FÓGRAÍODH an tseachtain seo caite go bhfuil naoi bpobal roghnaithe le dul ar aghaidh chuig an chéad bhabhta eile de Chomórtas Ghlór na nGael 2013 agus go mbeidh an mholtóireacht ar siúl ag deireadh Mhí na Samhna. Comórtas náisiúnta atá ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail áitiúil. I mbliana bhí níos mó ná 120 coistí agus grúpaí pobail ó cheann ceann na tíre páirteach agus le mí anuas thug moltóirí cuairteanna orthu chun a scéalta a chloisteáil agus a n-iarrachtaí a mheas. Tá trí rannóg sa chomórtas i mbliana idir choistí Gaeltachta, coistí i mbailte le daonra níos lú ná 10,000 duine agus coistí i mbailte le daonra níos mó ná10,000. Roghnaíodh trí choiste i ngach rannóg don ghearrliosta agus le bheith san iomaíocht don phríomhdhuais, €20,000 atá urraithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Tá Glór Cheatharlach roghnaithe sa rannóg do bhailte le daonra níos mó ná 10,000 in éineacht le Cairde Ard Mhaca agus Inis. Coistí i nDoire, Baile Locha Riach agus i gCo. an Dúin atá ainmnithe i rannóg na mbailte faoi dhaonra 10,000 agus tá pobail i nGaeltachtaí Thír Chonaill agus na Gaillimhe san áireamh chomh maith. Déanfar measúnú agus moltóireacht eile go luath ar na naoi gcoiste. Fógrófar na torthaí agus bronnfar gradaim na bliana ag searmanas speisialta go luath san athbhliain.

Is mór an onóir do Cheatharlach a bheith ar an ngearrliosta rud a thugann aitheantas do na hiarrachtaí uile a bhí idir lámha chun an teanga agus cultúr a chothú, a chaomhnú agus a chur chun cinn sa phobal i gcaitheamh na bliana.

GLUAIS:	GLOSSARY:
gearrliosta	shortlist
gradaim	awards
roghnaithe	selected
moltóireacht	adjudication
iarrachtaí	efforts
coistí	committees
daonra	population
searmanas	ceremony

Turas as Gaeilge ar an Músaem

BHAIN daltaí Ghairmscoil Cheatharlach an-taitneamh as turas treoraithe as Gaeilge ar Mhúsaem Chontae Cheatharlach a reachtáladh le déanaí mar chuid d'Fhéile an Fhómhair. Thug an treoraí, Seán Mac Diarmada, léargais suimiúil do mhic léinn na hidirbhliana ar phríomhmhíreanna na hiarsmalainne ag tosnú sa bhun urlár leis an gcistin agus an siopa. Léirigh na daltaí agus a múinteoirí suim faoi leith sa chúinne a bhaineann leis an gComhlacht Siúcra a bhíodh mar cheann de phríomh mhonarcain i gCeatharlach suas le fiche bliain ó shin.

Bhí na daltaí an-tógtha chomh maith leis na painéil eolais ar daoine cáiliúla an cheantair a thuill clú agus cáil dóibh fhéin sa bhaile agus mórthimpeall na cruinne. Chuaigh an taispeántas thuas staighre a cheiliúrann 40 bliain den Rás Tailteann ó bhuaigh an rothaí áitiúil Mike O'Donoghue é sa bhliain 1973 i bhfeidhm go mór ar na daoine óga agus a múinteoirí. Mhínigh Seán dóibh go raibh an taispeántas céanna chomh rathúil sin go gcuirfear leis an tréimse a bheidh sé sa mhúsaem go dtí Feabhra na bliana seo chugainn.

Daltaí Ghairmscoil Cheatharlach sa chistin sa Mhúsaem

GLUAIS:	GLOSSARY:
turas treoraithe	guided tour
treoraí	guide
príomh	main
míreanna	items
cúinne	corner
clú	fame
taispeántas	exhibition

SULT agus Seisiún na Samhna

CUIRFEAR céad míle fáilte roimh chách chuig SULT, an teacht le chéile míosúil trí Ghaeilge, ar an Déardaoin, 28ú Samhain sa Teach Bar, Sráid na Tulaí, Ceatharlach. Is ansin a bhailíonn daoine ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Is deis iontach í chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta agus aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile sa cheantar. Bíonn fáilte faoi leith roimh fhoghlaimeoirí an teanga a chleachtadh i suíomh nádúrtha.

Leanfaidh an oíche ar aghaidh leis an seisiún traidisiúnta seachtainiúil. Bí ann agus fáilte!

GLUAIS:	GLOSSARY:
míosúil	monthly
taitneamh	enjoyment
comhluadar	company
deis	opportunity
seachtainiúil	weekly

Séasúr na hAidbhinte

CUIRFEAR tús an Domhnach seo chugainn le séasúr na hAidbhinte ar an bhféilire Caitliceach Rómhánach. Tugtar séasúr na hAidbhinte ar an tréimhse ceithre seachtaine díreach roimh Nollaig agus is séasúr é a dhíríonn an aigne chun ullmhú mar is cóir don Fhéile Mhór. Réitítear fleasc don Aidbhint agus tá nós na fleisce go forleathan i séipéil, scoileanna agus fiú sa teach cónaithe féin. Déanta as cuileann agus duilleoga síorghlas i riocht fáinne, bíonn ceithre choinneal uirthi. Coinneal amháin do gach seachtain bíonn dath corcra ar thrí chinn agus ceann amháin bándearg. Is siombal na síoraíochta é an fáinne de bhrí nach bhfuil tús ná críoch leis. Is deacair bealach níos fearr ná an aidbhint a aimsiú chun aigne agus meon an duine a dhíriú ar theacht an Linbh Íosa.

Lastar coinneal amháin ar chéad Domhnach na hAidbhinte, dhá cheann ar an dara Domhnach agus mar sin de go mbíonn na ceithre choinneal ar lasadh ar an Domhnach roimh Lá Nollag. Sa tslí sin faoi mar a bhíonn na seachtainí ag gabháil thart tagann breis solais ó fhleasc na hAidbhinte go dtí go dtagann an Nollaig féin tráth a lastar Coinneal Mhór Bhán na Nollag i lár na fleisce.

GLUAIS:	GLOSSARY:
aidbhint	advent
séasúr	season
fleasc	wreath
forleathan	widespread
duilleoga síorghlas	evergreen leaves
corcra	purple
bándearg	pink
coinneal	candle

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Castlecomer continued from page 107

MOVING SHOP
The best of luck is extended to Rocamaer Flowers (proprietor Marion Fitzpatrick), who has relocated to the Square. In what are challenging times for all businesses, this is a brave move

ST LEO'S SCHOOL REUNION 1983
St Leo's Convent of Mercy, school reunion 1983 takes place on Saturday 28 December.
We are arranging a 30-year anniversary celebration and are planning a Mass in the convent at 2.30pm and a meal afterwards in the Seven Oaks Hotel. If we get enough numbers, we will go ahead with it, but time is running short. If you are interested, contact Lorna Donohue at lornabrennan123@gmail.com, Susan Markey at sue.markey@hotmail.com or Catherine Murphy on 086 1945681.

INDOOR HURLING
U6 and U8 indoor hurling training has commenced for the winter months in the community school gym every Monday evening. The U6s start at 6.30pm until 7.15 pm, followed by U8 training.
U10 indoor training commenced on Thursday 21 November at 6.30 pm in Ballinakill gym. Please bring €2 to cover the cost of the gym, plus runners and micro helmet. Hurleys are supplied. The club welcomes any young boys or girls who would like to take up hurling to attend these indoor sessions, where a warm welcome is guaranteed. Just turn up and introduce your child to any of the coaches or mentors.
U10 indoor training commenced on Thursday 21 November at 6.30 pm in Ballinakill gym. Parents are asked to contact Ronan Ryan on 086 2723780 regarding travel arrangements. This will continue for the next month and will resume again then in the new year.

GAELIC4MOTHERS AND OTHERS
Erin's Own ladies have now finished football training for the 2013 season. This year was again a great success for this bunch of ladies who set out on a six-week venture in 2009 and are still up and running.
The season was a very busy one with training every Monday night under the guidance of coach Andy Korff, who works tirelessly with the club week in, week out. It is, no doubt, down to Andy and his commitment that the ladies' club is still up and running.
The training regime was tougher this year, but the feedback from all the players was positive.
The ladies took part in the Leinster blitz in June, the Conahy blitz in August and the all-Ireland blitz in Dublin in October. The ladies were also delighted to take part in the mixed men and women game in Ballycomey in August. Although the football is now finished, the ladies will be busy getting ready for their Christmas karaoke night.
Gaelic4Mothers would like to say a big thank you to a local businessman who, because of his generosity, allowed the ladies to purchase training tops at the start of the season. We would also like to thank Eurospar for providing us with food and drinks for our blitz days and to Billy Moran, chairman of Erin's Own, for his support and help.